


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta** | Acmhainní Daonna UCD |
| **Scoil \| Aonad** | Stiúrthóireacht Seirbhísí AD |
| **Teideal an Phoist & Réimse Ábhair (más ábhartha)** | **Cúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach** |
| **Tréimhse an Phoist** | Conradh Seasta Sealadach Dhá Bhliain |
| **Grád** | Cúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach |
| **Scála Tuarastail** | €47,675 - €57,973 |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme** | Bainistíocht Acmhainní Daonna - Leibhéal Gairme 2 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | 2016/039 |
| **Bainisteoir Líne** | Ceann Aonaid nó Ainmní |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 019963 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Qiong Zhang |
| **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána** | Ní bhaineann |
| **Iarratais agus Dáta Deiridh** | https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/ |
| **Incháilithe do Chead Oibre** | Níl |

## Achoimre ar an bPost:

Beidh an Cúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach AD ina bhall de Stiúrthóireacht Seirbhísí Acmhainní Daonna UCD. Agus iad ag obair laistigh d'Oibríochtaí, tacóidh an ceapaí leis na réimsí seo a leanas: Deasc Chabhrach AD agus Riarachán.

Díríonn na róil seo ar an gcustaiméir agus cuirfidh siad comhairle agus treoir ar fáil do bhaill foirne agus do bhainisteoirí maidir le beartais agus nósanna imeachta AD. Ní mór d'iarratasóirí a bheith in ann iltascanna a dhéanamh, spriocdhátaí a chomhlíonadh, agus a bheith in ann ardleibhéal cruinnis agus aird ar mhionsonraí a choinneáil agus a gcuid oibre á cur i gcrích acu. Ní mór scileanna cumarsáide, riaracháin agus eagrúcháin den scoth a bheith acu. Beidh scileanna teicniúla i gceist le roinnt ról mar atá luaite thíos.

Chomh maith leis sin, cuirfidh sealbhóir an phoist le feabhsú leanúnach an aonaid laistigh de Stiúrthóireacht Seirbhísí Acmhainní Daonna UCD chun rith éifeachtúil na foirne uile a chinntiú, chomh maith le cur le hobair thionscadail agus le haon dualgais eile de réir mar a shanntar iad ag an mBainisteoir ábhartha.